Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 5 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**7999/22**

**LIMITE**

**CORLX 327**
**CFSP/PESC 453**
**COEST 271**
**FIN 406**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 5 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2022) 92.

---

Faoi iamh: HR(2022) 92

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 5/4/2022**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcraíne nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

**HR(2022) 92**
***Limited***

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an [ll/mm/2022]**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine an t-ionsaí sin.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gurb iomchuí ball amháin den teaghlach, a thairbhíonn go míchuí de mhórphearsa ghnó, a thug tacaíocht ghníomhach agus go hábharach agus ó thaobh airgeadais de do chinnteoirí Rúiseacha a chur ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

[1]Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

PUBLIC

*Airteagal 1*

Cuirfear an duine a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo leis an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an duine seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

***Daoine***

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1112. | Gulbakhor ISMAILOVA (ar a dtugtar freisin Ismailova Gulbakhor)<br><br>Гульбахор Исмаилова | Dáta breithe: 22.12.1959<br><br>Áit bhreithe: Uzbekistan<br><br>Seoladh: Apartment 81-83, 79 Ustabayeva Street 1000187 Tashkent (UZ)<br><br>Duine aonair comhlachaithe: Alisher Usmanov, deartháir<br><br>Pasuimhir: Pasuimhir Rúiseach Uimh. 71 3059195<br><br>Inscne: Baineann | Is deirfiúr le Alisher Usmanov í Gulbakhor Ismailova, olagarc ar son an Kremlin atá liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle. Léirigh imscrúduithe a rinne an German Federal Criminal Police Office (Bundeskriminalamt) gur aistrigh Alisher Usmanov sócmhainní go hindíreach chuig a dheirfiúr Gulbakhor Ismailova. Go háirithe, is é úinéir an luaimh ‘Dilbar’ Navis Marine Ltd. (Oileáin Cayman) arb é Almenor Holdings Ltd. (An Chipir) a scairshealbhóir. Tá na scaireanna uile sa chuideachta shealbhaíochta seo á sealbhú ag Pomerol Capital SA (an Eilvéis) ar iontaobhas ar mhaithe le ‘The Sisters Trust’. Ó 2017 i leith, níl Usmanov ina scairshealbhóir den chuideachta iontaobhais sin a thuilleadh, rud a fhágann gurb í a dheirfiúr, Gulbakhor Ismailova, aon úinéir tairbhiúil an luaimh ‘Dilbar’.<br><br>Tá nasc aici freisin le só-réadmhaoin san Iodáil agus sa Laitvia, só-réadmhaoin is féidir a nascadh lena deartháir Alisher Usmanov. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha í a bhfuil baint aici le Alisher Usmanov (a deartháir), a thug tacaíocht ghníomhach agus go hábharach agus ó thaobh airgeadais de do chinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine agus a thacaigh go gníomhach le beartais rialtas na Rúise maidir le | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | díchobhsú na hÚcráine. | |

PUBLIC